

# **An Jungle Book**

## **Gaelscoil Ultain Com 15**

**Script le Joe Ó Gallchóir**

**Amhráin le Niamh Mhic Giolla Chomhaill**

**Léiriú le Joe Ó Gallchóir agus Niamh Mhic Giolla Chomhaill**

Sa dufair dhorcha dhiamhar  
I bhfad i bhfad ó shin  
Dhúisigh buachaill bídeach bríomhar  
Chun seal a chaitheamh linn.

Cad é a thug anseo mé  
Cá bhfuil mo chairde's mo chlann?  
Níl romham anois ach uaigneas  
Ní bhlaisfidh mé arís aon ghreann.

Ach ag an tíogar allta fíochmhar  
Bhí smaoineamh gránna mo léan  
Nuair a chonaic sé an creatúr daonna  
“Beidh seisean agamsa dom féin”.

## Roar

'S mise'n tíogar  
Shere Khan is ainm dom  
Bíodh eagla ort  
Rí na dufaire 'tá ann  
Is mé tá cróga  
Nach bhfuil mé galánta?  
Coimhead amach  
Mar tá ocras orm  
Éalú uaim, níl seans,  
Bain triail, ní fiú  
Tá mé ró-láidir  
Mo bhualadh, ní féidir.

Ag sealgaireacht  
Gach lá's oích'  
Ní ligfidh mé mo scíth  
Éist le mo ghuth  
Éist le mo ghlór  
Mar thoirneach  
Tá sé ollmhór  
Éist le mo ghuth  
Éist le mo ghlór  
Mar thoirneach  
Tá sé ollmhór  
Ag faire amach  
Do ghasúir óg.

Ó le súil nimh' an tíogair  
Rí na dufaire  
Nach uirthi tá'n lúcháir?  
Mar is ise an seaimpín  
Is Éistigī lena Roooar  
Níos airde níos airde ná'n Leon  
Mar is ise an seaimpín

**Is Éistigí Lena Roooar**

**Ó ó ó ó ó ó ó x3**  
**Éistigí lena Roooar**

Ach sna súile móra glasa sin  
Chonaic an buachaill an nimh  
Is d'éalaigh sé uaidh ar an phointe  
M'ait folaithe, ná hinsígí sibh!

Fad a shoilsíonn grian sa spéir  
Fad a ritheann abhainn le fann  
Beidh Mowgli faoi mó chúramsa  
Mar is mise Rí na gCrann.

Agus bhí cara in aice láimhe  
Bagherra an pantar dubh  
Níl tú leat féin níos mó a chara  
Tar liomsa is léimimis go lúth

## Lean on me

'nois's aris in san saol  
Bíonn buairt is pian  
Bíonn bron bíonn muid gruamach  
Ba cheart duit suí siar  
Is smaoinigh go bhfuil  
An lá amárach ann

Glaigh orm  
Nuair atá tú faoi bhrón  
Beidh mé mar chara  
Beidh tú sábháilte liom

Mar ní bheidh sé i bhfad  
Go mbeidh tú ar ais  
I measc do mhuintire

Just glaoigh orm Mowgli  
Ma tá tú i gcontúirt  
Tá duine uainn gur féidir brath air  
Má tá fadhb ná bí buartha socróidh mé é  
Tá duine uainn gur féidir brath air.

Tá dainséar mór anseo duit  
Ón tíogar's a chairde tréan  
Tar liom ar ais chuig do mhuintir  
Go dtí an áit sin ar rugadh tú féin.

Ach ní mian liom pilleadh a thuilleadh  
Bhí Mowgli anois faoi gheasa

Is é seo mo bhaile nua  
Sa dufair, faoi scáth na gcrann glas.

Ní féidir leat fanacht anseo  
Ní féidir liomsa tú a chosaint  
Níl aon rud eile i ndán duit a chara  
Ach pilleadh arís ar do mhuintir.

Ach ba ansin a chuala siad glór  
A bhí cineálta caoin's lách  
Bhfuil cara nua uait a Mhowgli?  
A thabharfaidh aire duit oíche is lá

### **Baloo amhrán Teddy Bear**

Ó Mowgli lig dom bheith  
'Do chara teidí béar  
Tabhair dom aon ord  
Is leanfaidh mé  
Rud ar bith faoin spéir  
Ó Lig dom bheith (ó Lig dó bheith)  
'Do theidí béar!!

Níl uaim a bheith 'mo thíogar  
Mar tá'n tíogar cruálach  
Níl uaim a bheith 'mo leon  
mar ní hiad an sórt ainmhí

'tá cineálta

Tuisceanach

Stuama

Lách

Ó mowgli Lig Dom bheith

'do chara teidí béar

Ag súgradh leat gach lá is oích'

Lenár gcairde sa dufair

Ó Lig Dom bheith (ó Lig dó bheith)

'Do theidí bear.

A Bhaloo is a Mhowgli éist liom

Ní mhairfidh sé seo go brách

Tá contúirtí ar gach géag is gach crann

Pill ar do mhuintir láithreach.

Ach níor bhac Mowgli leis an chomhairle

Bhí sé meallta anois ag an bhéar

Tar liom timpeall na háite

Is labhair le mo chairde go léir.

Bí linne go deo a chara

Mar Rí ar na moncaithe tréan

Ce hé sin?

Is eisean Rí an rince Óó  
An tUasal VIP  
Ar bharr na gcrann ag ithe banan'  
Ag luascadh ó mhaidin go hoích'  
Ach ba mhaith leis bheith mar Mowgli  
An creatúr daonna séimh  
Tâ sé bréan den saol  
An teas 's an baol  
Tâ sé tuirseach den mhoncaíocht thart

Ó Úbí dú  
Ba mhaith liom bheith mar thú  
Siúl mar thú  
Labhairt mar thú ú ú ú  
Is Feicfidh tú  
Go bhfuil mé mar thú  
Nach féidir liom bheith  
mo chréatur daonna Úúú?

‘s Bagherra ní hé a bhí sásta  
Ach níor maith bheith ag caint leis an phéire  
‘s d’fhág sé ansin iad faoi shuan  
Le pilleadh ar éirí na gréine.

Bhí an choill anois diamhair 's ciúin  
Ní raibh le clos ach ceol na n- éan  
Ach ag feitheamh faoi chlúdach an duilliúir  
Bhí an tíogar 's a shlua tréan.



Féach ormsa a Mhowgli daonna

Éirigh suas, tá sé in am dinnéir

Scaoil saor an chreach sin anois

Agamsa a bheidh sé mar bhéile

Bhí scanrú ar Kaa agus a chairde

Agus theith siad ar nós sneachta an tsléibhe.

Tá tú agam anois faoi dheireadh

Ag an Rí tá sásamh a mhianta

Ach chualthas glór ar an láthair

Fág an páiste, troid mise a chladhaire.

Bhuail an tíogar an buille ansin

Thit Bagherra go talamh i lár slí

Ach rith smaoineamh trí intinn an pháiste

Lasracha móra, sin namhad an rí.

Nuair a chonaic an tíogar seo

Chuaigh sé as a mheabhair go gránna

Thosaigh se ag béicíl

Agus theith an t-ainmhí dána.

Ach bhí an pantar lag gan bhrí  
Bhí sé préachta, beagnach reoite  
Bí sé cróga , láidir, lách  
Agus ar ndóighe .....bhí mé iontach gleoite.

Buíochas do Dhia arsa Mowgli  
Tá tú beo i mbarr do shláinte  
Tuigeann tú anois a bhuachaill  
Nach seo an baile atá i ndán duit.

Tá an ceart agat a chara gleoite  
Is fearr pilleadh ar do bhaile  
Ach beidh cuimhne go deo ort anseo  
Seo síos leat chuig an dream sin sa halla

### **Leaving on a Jetplane**

Bhuel, tá sé in am  
Le slán a rá  
'Mo sheasamh le  
Mo chairde buan  
Is gráin liom bheith ag fágáil  
Ach  
tá sé 'n am  
Bhí craic agam  
Is spórt is spraoi  
Le Baloo, Bagheera is na moncaithe  
Táim fíorbhrónach go bhfuil na deora liom

Ó slán mo chairde dufaire  
Sin iad mo chlann, mo mhuintir  
Ochón  
tá sé in aaaammmm.....

### **Bare Neccessities**

Amharc do na rudaí riachtanach  
Na rudaí simplí riachtanach  
Déan dearmad ar aon trioblóid is achrann  
Amharc do na rudaí riachtanach  
Na rudaí simplí riachtanach  
Sin iad na rudaí riachtanach sa saol.

Is mé ag taisceal ar fud na dufaire  
Tá mé chomh sona ag deanamh lúcháire  
Na beacha ag buzzáil insna crainn  
ag déanamh meala le tabhairt dúinn  
Má amharcann tú faoi na plandaí  
'S na seangáin is na feithidí  
Gach uile ní faoin spéir  
Tiocfaidh na rudaí riachtanach chugainn go léir.

Tabharfaidh na rudaí riachtanach aghaidh ort